**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2022/2051(INL)**

2.12.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

ar thograí ó Pharlaimint na hEorpa chun na Conarthaí a leasú
(2022/2051(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Hilde Vautmans

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

PA_INL

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go raibh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ina feidhmiú nithiúil, rathúil den daonlathas rannpháirteach, agus go raibh sí ina hardán gan fasach le haghaidh plé idir saoránaigh agus polaiteoirí agus go raibh tograí nithiúla mar thoradh uirthi ar cheart anailís a dhéanamh orthu agus ar gá do chinnteoirí an Aontais machnamh a dhéanamh orthu fiú dá mbeadh gá le hathruithe ar an gConradh mar gheall orthu; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach gach athrú ar an gConradh a mheas go cúramach agus na buntáistí féideartha uile a d'fhéadfadh a bheith aige a chur i gcomparáid le húsáid dhifriúil, níos éifeachtúla a bhaint as gnéithe Conartha reatha lena n-áirítear cur chun feidhme níos fearr ar leibhéal an bheartais nó ar an leibhéal buiséadach;

B. de bhrí gur mhéadaigh fogha gan chúis, gan údar agus neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a thosaigh an 24 Feabhra 2022 an luaineacht gheopholaitiúil agus an éagobhsaíocht slándála san Eoraip go leibhéil nach bhfacthas riamh roimhe seo ó dheireadh an Dara Cogadh Domhanda agus á chur i bhfios go láidir gur gá don Aontas athmheasúnú iomlán a dhéanamh ar a mbeartais eachtracha, slándála agus cosanta agus tosaíocht a thabhairt dá n-éifeachtacht agus dá chumas gníomhú chun ár luachanna agus ár leasanna a chosaint;

C. de bhrí go ndearna painéal 4 saoránach 'AE agus an Domhan Mór/Imirce' roinnt moltaí sonracha i réimse na ngnóthaí eachtracha agus ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, de bhrí go bhfuil go leor moltaí ó phainéil saoránach ag comhthacú, dá bhrí sin, na glaonna go léir atá á ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa le fada;

D. de bhrí, mar a luaitear i gConclúid na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go rannchuideoidh Aontas níos láidre i réimse na slándála agus na cosanta le síocháin Eorpach agus dhomhanda agus go dtacóidh sé le luachanna Eorpacha, amhail an smacht reachta, an daonlathas, cearta an duine agus comhionannas inscne agus gur féidir é sin a bhaint amach trí chultúr straitéiseach comhchoiteann a chur chun cinn;

E de bhrí, trí ghníomhú ar na moltaí sin, go bhféadfadh an tAontas a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre, níos iontaofa, cumhachtach agus níos infheicthe, go mbeadh cinnteoireacht níos éifeachtúla mar thoradh air sin agus go bhfeabhsófaí cearta grinnscrúdaithe Pharlaimint na hEorpa i réimse an bheartais eachtraigh arb í an t-aon institiúid de chuid an Aontais a thoghfaí go daonlathach;

F. de bhrí go bhfuil roghanna ann freisin a d'fhéadfadh feabhas a chur ar ról an Aontais i ngnóthaí eachtracha gan athruithe ar na Conarthaí; de bhrí, i mí Iúil 2022, gur sheol Uachtaránacht na Seicia litir chuig na Ballstáit ina raibh liosta de réimsí sonracha beartais a d'fhéadfaí a aistriú chuig vótáil trí thromlach cáilithe (QMV) trí *passerelles* sonracha; de bhrí, i ndáil leis sin, gur liostaigh an Uachtaránacht 11 réimse nithiúla den chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), agus an comhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) a bhaineann le hAirteagail 24, 27, 28, 29, 37, 39, 41, 42, agus 44 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

G. de bhrí go bhféadfadh úsáid crosta ag Ballstát amháin chun tús a chur le caibidlíocht aontachais le tír is iarrthóir, de bharr díospóidí déthaobhacha agus réigiúnacha nach bhfuil réitithe a bhaineann le himeachtaí stairiúla, féinaitheantas agus cearta cultúrtha nó teanga, bac a chur ar phróiseas aontachais na dtíortha is iarrthóirí agus go bhfuil úsáid crosta ag na Ballstáit chun a leasa féin contrártha le spiorad na gConarthaí;

H. de bhrí nach ndearnadh an acmhainneacht maidir le beartas eachtrach, slándáil agus cosaint atá tapa, éifeachtúil agus éifeachtach, mar a fhoráiltear le Conradh Liospóin, a úsáid agus a shaothrú ach ar bhealach an-teoranta le deich mbliana anuas mar gheall ar easpa tola polaitiúla ag na Ballstáit; de bhrí, mar gheall ar thimpeallacht slándála na hEorpa atá ag athrú, go bhfuil sé thar am gach ionstraim dá bhforáiltear le CAE a úsáid, go háirithe maidir le CBSC; de bhrí go bhforáiltear le Conradh Liospóin do ghnéithe amhail ciste tosaithe míleata in Airteagal 41(3b), an fhéidearthacht grúpa beag a bhunú a mbeidh cuspóirí slándála agus cosanta níos uaillmhianaí aige in Airteagal 44, nó beartas fíor-Eorpach cumais agus armálacha a shainiú in Airteagal 42(3), arb ann dó ó mhí na Nollag 2009 i leith;

I. de bhrí go bhfuil dúshlán méadaitheach ann a bhaineann le cibearbhagairtí, bagairtí hibrideacha agus bagairtí neamhshiméadracha eile, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise, agus le húsáid mhailíseach teicneolaíochtaí bhunathraitheacha atá ag teacht chun cinn agus atá níos sofaisticiúla ná riamh; de bhrí gur mí-úsáid ar na saoirsí bunúsacha chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil iad trasnaíocht eachtrach, ionramháil ar fhaisnéis agus bréagaisnéis agus go gcuireann siad na saoirsí, luachanna, nósanna imeachta daonlathacha, próisis pholaitiúla, slándáil stát agus saoránach, agus an cumas chun déileáil le cásanna eisceachtúla, i mbaol; de bhrí go bhfuil an Rúis rannpháirteach sa bhréagaisnéis le mailís agus ar mhéid nárbh fhacthas cheana ar fud na n-eagraíochtaí meán traidisiúnta agus ardáin na meán sóisialta araon, chun dallamullóg a chur ar a saoránaigh sa bhaile agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta roimh ionsaí a dhéanamh ar an Úcráin agus le linn na hionsaitheachta sin, ar chuir an Rúis tús leis an 24 Feabhra 2022, lena gcruthaítear gur féidir faisnéis a armú fiú;

J. de bhrí go bhféadfaí *passerelles* a úsáid láithreach chun athrú ó aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí beartais sonracha; de bhrí gur gá roinnt modhanna oibre a oiriúnú láithreach don bhagairt atá ann faoi láthair ar shlándáil na hEorpa;

1. á iarraidh go ndéanfaí na príomh-mholtaí ó na saoránaigh i réimse an bheartais eachtraigh agus slándála, go háirithe an gá atá le haistriú chuig cinnteoireacht níos éifeachtúla, trí vótáil trí thromlach cáilithe a úsáid seachas aontoilíocht, go háirithe i réimsí sonracha beartais amhail cearta an duine, agus an gá atá le feabhas a chur ar mhodhanna an Aontais chun smachtbhannaí a fhorchur, a bheidh le hionchorprú in athrú cuimsitheach ar an gConradh nó, de rogha air sin, trí chlásail *passerelle*;

2. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh aistriú go vótáil trí thromlach cáilithe a áirithiú go ngníomhódh an tAontas níos tapúla agus d'aon ghnó — in ionad an comhainmneoir is ísle a roghnú — agus go bhféadfadh sé an tAontas a chosaint ar bhrú tríú tír agus ar theicnící 'scar agus treascair'; á chur i bhfáth go bhféadfadh sé go gcabhródh sé leis an Aontas cumhacht gheopholaitiúil níos inchreidte agus níos cinntithí a fhorbairt, lena gcuirfí a chroíphrionsabail agus a chroíluachanna i gcroílár a ghníomhaíochta, go méadódh sé éifeachtacht a ghníomhaíochta seachtraí agus, dá bhrí sin, go neartódh sé

freisin tionchar na mBallstát i ndomhan éagobhsaí, atá ag athrú go tapa agus atá ag éirí níos ilpholaí; á mheabhrú go mbeadh feidhm fós ag Airteagal 31(2) CAE, atá ceaptha chun a áirithiú nach bhféadfaí aon chinneadh maidir le saincheisteanna atá ríthábhachtach do leasanna náisiúnta Ballstáit a fhorchur air dá n-úsáidfí vótáil trí thromlach cáilithe in CBES;

3. á mheabhrú go bhfuil in Airteagal 48(7) agus in Airteagal 31(3) CAE clásail *passerelle* trína bhféadfaí aistriú ó aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe a dhéanamh i réimse CBES gan impleachtaí míleata; á iarraidh go n-athrófaí go vótáil trí thromlach cáilithe i ngach cinneadh i réimse CBES ag tosú le réimsí tosaíochta laistigh de bhliain, go háirithe iad siúd a bhaineann le smachtbhannaí, cearta an duine agus i réimsí atá ábhartha don phróiseas aontachais amhail nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le tús a chur leis an bpróiseas caibidlíochta chomh maith le braislí agus caibidlí caibidlíochta aonair a oscailt agus a dhúnadh, chun feabhas a chur ar chumas an Aontais cinntí tapa agus éifeachtacha a dhéanamh;

4. á chur in iúl gur saoth léi nár úsáideadh na clásail *passerelle* riamh mar gheall ar easpa tola polaitiúla agus contrártha d’ionchais a bhfuil údar leo; á iarraidh ar na Ballstáit an toil pholaitiúil a léiriú tuilleadh i bpróiseas lánpháirtithe an Aontais, an cleachtas cros crosta a shárú agus oscailt do ghníomhachtú na gclásal *passerelle* gan a thuilleadh moille;

5. ag tathant ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú láithreach nó fós le linn Uachtaránacht na Seicia, maidir leis an gclásal *passerelle* a úsáid chun vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach maidir le gnóthaí eachtracha sonracha agus gníomhaíochtaí CBSC, go háirithe maidir le smachtbhannaí agus cearta an duine; á mheabhrú na féidearthachtaí a liostaítear i gceistneoir na hUachtaránachta; á chreidiúint, mar gheall ar an staid slándála atá ann faoi láthair san Eoraip, go bhfuil gá le gníomhaíocht láithreach agus oiriúnú na nósanna imeachta cinnteoireachta in CBES mar a fhoráiltear faoi láthair le CAE;

6. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, i gcás nach féidir athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar na Conarthaí mar gheall ar chrosa ó roinnt Ballstát, go háirithe maidir leis an méid a bhaineann le vótáil trí thromlach cáilithe a ghlacadh sa bheartas eachtrach, gur cheart don Aontas breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht féachaint an bhféadfaí cineálacha eile comhair threisithe a fhiosrú i measc na mBallstát sin a léiríonn an toil bogadh níos faide sa phróiseas comhtháthaithe trí chomhordú níos déine agus níos ceangailtí ina ngníomhaíocht sheachtrach;

7. á iarraidh go ndéanfaí leasú ar Airteagal 42 CAE lena gceadófaí aistriú chuig vótáil trí thromlach cáilithe athneartaithe, lena n-éilítear 72 % de chomhaltaí na Comhairle a dhéanann ionadaíocht ar 65 % den daonra ar a laghad, le haghaidh cinntí a bhfuil impleachtaí míleata acu, cé is moite de chinntí lena gcruthaítear misin mhíleata nó oibríochtaí a bhfuil sainordú feidhmiúcháin acu faoi CBSC, ar gá aontoilíocht ina leith fós;

8. á chur i bhfios go láidir gur gá castacht institiúideach an Aontais a laghdú, go háirithe a ionadaíocht sheachtrach, rud nach bhfuil soiléir maidir le hinniúlachtaí gach gníomhaí institiúideach; á mheas go bhféadfadh dúbláil i ngníomhaíocht sheachtrach AE a bheith

mar thoradh ar an easpa soiléireachta sin nó mearbhall a chur ar chontrapháirtithe agus/nó ar chomhchainteoirí AE ar fud an domhain ina gcaidreamh leis an Aontas; á mholadh, i ndáil leis sin, feidhm Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a chumasc agus Uachtaránacht aonair ar an Aontas a chruthú chun feabhas a chur ar infheictheacht, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais; á iarraidh forálacha ábhartha na gconarthaí a dhéanamh níos sainráite ina leith sin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a chomhtháthú go hiomlán i struchtúir an Choimisiúin;

9. á chur i bhfáth gur gá ról a thabhairt isteach do Pharlaimint na hEorpa maidir le cinntí a bhaineann le misin slándála mhíleata agus shibhialtacha a sheoladh thar lear; á chreidiúint gurbh iomchuí díospóireacht iomlánach a bheith ann roimh an gcinneadh ábhartha ón gComhairle agus rún iomlánach a ghlacadh lena n-údarófaí an oibríocht sin go polaitiúil lena n-áirítear a cuspóirí, a modhanna agus a ré;

10. á chur i bhfios go láidir gur gá ról Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a neartú maidir le cúnamh a thabhairt chun comhréitigh a aimsiú idir na Ballstáit d’fhonn a áirithiú go labhraíonn an tAontas d’aon ghuth, mar a d’iarr saoránaigh an Aontais sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa; á chur i bhfios gur féidir é sin a dhéanamh trí Choimisinéir do Ghnóthaí Eachtracha a ainmniú mar Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus trí phríomhionadaí seachtrach an Aontais a dhéanamh de nó di i bhfóraim idirnáisiúnta; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar SEGS tograí a dhéanamh maidir le conas comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a neartú idir beartais eachtracha náisiúnta ag na Ballstáit agus seasaimh chomhaontaithe ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le forálacha Airteagal 24 (3) CAE;

11. á chur i bhfáth gur gá gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a neartú le hionstraimí agus acmhainní dílse agus buana de chuid an Aontais sa ghné sin chun go mbeidh an tAontas ina ghníomhaí domhanda iomlán agus inchreidte; á iarraidh go mbeadh Taidhleoireacht uathrialaitheach Aontais ann le taidhleoirí de chuid an Aontais atá oilte in Acadamh Taidhleoireachta Eorpach, ar bhonn Threoirthionscadal Pharlaimint na hEorpa ina leith sin, a chinntear le cultúr taidhleoireachta comhchoiteann ó thaobh an Aontais de; á iarraidh go neartófaí caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais trí ionstraim de chuid an Aontais a fhorbairt ar féidir léi aghaidh chultúrtha an Aontais a léiriú ar fud an domhain;

12. á mheas straitéis beartais dlúthpháirtíochta agus bearta cur chun feidhme oibríochtúla a fhorbairt go práinneach maidir leis an gclásal cosanta frithpháirtí a shonraítear in Airteagal 42(7) CAE agus Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus raon feidhme na mbagairtí a shainítear in 43(1) CAE a leathnú chun bagairtí hibrideacha, cogaí, dúmháil fuinnimh, feachtais bhréagaisnéise cibearbhagairtí agus comhéigean eacnamaíoch tríú tíortha a áireamh;

13. á iarraidh ar na Ballstáit inniúlachtaí nua agus bunús dlí nua a chur ar fáil chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na bolscaireachta mailísí eachtraí; á iarraidh ar an Aontas an díospóireacht maidir leis na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le trasnaíocht eachtrach a stiúradh, sainmhínithe comhchoiteanna idirnáisiúnta agus rialacha sannta idirnáisiúnta a chur chun cinn agus creat idirnáisiúnta a fhorbairt le haghaidh freagairtí

ar thrasnaíocht; á thabhairt chun suntais an gá le comhar domhanda iltaobhach idir tíortha atá ar aon intinn le chéile dea-chleachtais a mhalartú agus freagairtí comhchoiteanna a shainaithint ar dhúshláin dhomhanda, ar dúshláin chomhroinnte intíre iad freisin, lena n-áirítear smachtbhannaí comhchoiteanna, cosaint chearta an duine agus caighdeáin dhaonlathacha;

14. á iarraidh go neartófaí ról thoscaireachtaí an Aontais i gcur chun feidhme an bheartais eachtraigh; á iarraidh go neartófaí acmhainneachtaí SEGS, a cuid acmhainní agus pearsanra, lena n-áirítear trí nuashonrú a dhéanamh ar Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[1], ionas gur fearr is féidir leis cuspóirí agus leasanna an Aontais a chomhlíonadh ar fud an domhain;

15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta cinnteoireachta agus grinnscrúdaithe Pharlaimint na hEorpa i réimse an bheartais eachtraigh a threisiú, go háirithe trí chur cun feidhme Airteagal 36 CAE a neartú maidir le dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis na príomhghnéithe agus na roghanna straitéiseacha i réimse CBES agus CBSC agus maidir le dul i gcomhairle léi maidir le gach cinneadh suntasach a bhaineann leis an mbeartas eachtrach; á iarraidh go n-athrófaí Airteagal 218 CFAE chun údarú Pharlaimint na hEorpa a éileamh chun caibidlíocht a oscailt agus chun treoracha caibidlíochta a ghlacadh, chomh maith le toiliú Pharlaimint na hEorpa a éileamh maidir le gach comhaontú idirnáisiúnta agus sula ndéanfar cinntí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go sealadach; á iarraidh go ndéanfaí Airteagal 218(2) CFAE a leasú trí Pharlaimint na hEorpa a áireamh in éineacht leis an gComhairle mar chomhfhreagrach as tús na caibidlíochta a údarú, treoracha caibidlíochta a ghlacadh, síniú comhaontuithe a údarú agus iad a thabhairt i gcrích; ag meabhrú luach cruthaithe na taidhleoireachta parlaiminti; á mholadh, dá bhrí sin, forálacha a thabhairt isteach maidir le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa ar chomhchéim leis an gComhairle i gcur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta in Airteagal 218(9) CFAE; á iarraidh go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ag Parlaimint na hEorpa i gcur chuige Fhoireann na hEorpa;

16. á mheabhrú go mbeidh an tAontas ina ghníomhaí éifeachtach taidhleoireachta agus slándála bunaithe ar ghníomhaíocht láidir agus nach méadóidh sé a cheannasacht straitéiseach ach amháin trí bhearta, beartais, buiséid agus gealltanais nithiúla mar a liostaítear sa Chompás Straitéiseach; á iarraidh go ndéanfaí sainmhíniú beacht, uilechuimsitheach ar choincheap na 'ceannasachta straitéisí oscailte' lena n-áireofaí na réimsí uile a ndéanann sé difear dóibh, agus go gcuirfí an prionsabal sin san áireamh i liosta na gcuspóirí atá le baint amach trí bheartas eachtrach agus slándála an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 21 agus in Airteagal 22 (2) CAE;

17. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán lena gceadaítear trealamh cosanta a cheannach go comhpháirteach (Edirpa); á mheabhrú go leagtar síos in Airteagal 42(3) CAE bonn do bheartas Eorpach um chumas agus um armálacha ar cheart soláthar comhpháirteach, inter alia, a áireamh ann; á iarraidh go dtabharfaí isteach forálacha in Airteagail 42 agus 46 CAE lena gcomhdhlúthófar an fhéidearthacht sin agus lena gcumasófar caiteachas eile a bhaineann leis an tslándáil ó bhuiséad an Aontais chomh maith le bunú aonad míleata ilnáisiúnta comhpháirteach atá lonnaithe go

[1] Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

buan lena n-áirítear strúchtúir cheannais; á iarraidh go gcuirfí síneadh leis na féidearthachtaí chun comhchaiteachas míleata a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais chun rialú buiséadach parlaiminteach cuí a cheadú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le dlúthchomhar agus comhordú le ECAT chun dúbláil struchtúr agus dualgas a sheachaint;

18. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagal 346 CFAE chun teorainn a chur leis na deiseanna atá ann d'Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh imeacht ó fhorálacha Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus ilroinnt bhreise an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, chomh maith leis an gceanglas maidir le húdar a thabhairt do dhialltaí den sórt sin a bheidh le measúnú ag an gCoimisiún agus le cur in iúl do Pharlaimint na hEorpa a thabhairt isteach;

19. á chur i bhfáth, mar gheall ar na bagairtí ar shlándáil na hEorpa, go bhfuil géarghá le beartas iomlánaíoch Eorpach maidir le cumais a bhunú gan a thuilleadh moille; ag tathant ar na Ballstáit codanna dá mbuiséid cosanta náisiúnta atá ag méadú a chomhthiomsú ar leibhéal an Aontais agus saoráid airgeadais sheachbhuiséid eile a bhunú go práinneach lena dtugtar aghaidh ar shaolré iomlán na gcumas míleata ar leibhéal an Aontais, ó thaighde agus forbairt chomhoibríoch agus soláthar comhpháirteach go cothabháil chomhpháirteach, oiliúint agus slándáil soláthair, mar a mhol Parlaimint na hEorpa ina moladh an 8 Meitheamh 2022 chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Beartas Eachtrach, Slándála agus Cosanta AE tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine[3];

20. á iarraidh ar na Ballstáit dearcthaí leithleacha a chur i leataobh agus tiomantas cuí a léiriú d'athneartú bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais trí rannpháirtíocht fhóinteach i gcreat an Aontais chun cumais chosanta a fhorbairt go comhpháirteach;

21. á iarraidh go ndéanfaí an buanchomhar struchtúrtha (PESCO) a chlaochlú ina chomhbheartas de chuid an Aontais lena ngabhann rogha an diúltaithe, rud a chuirfidh ar chumas Pharlaimint na hEorpa fíorrialú buiséadach a fheidhmiú;

22. á iarraidh go ndéanfaí formáidí nua agus éifeachtúla don chomhar agus don phlé a bhunú, amhail an Chomhairle Slándála Eorpach, atá comhdhéanta d'Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát, a d'fhéadfadh a bheith freagrach as freagairt go tapa i gcásanna éigeandála, chun cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le coinbhleacht agus géarchéim; á iarraidh go ndéanfaí Comhairle Airí Cosanta an Aontais a chur ar bhonn foirmiúil; á chreidiúint go bhfuil na formáidí nua sin ábhartha go háirithe i ndomhan atá ag éirí níos éagobhsaí agus tar éis chogadh neamhdhleathach na Rúise san Úcráin a rinne difear suntasach do shlándáil na hEorpa; á iarraidh thairis sin go mbunófaí Coiste lánfheidhme um Shlándáil agus um Chosaint agus Coiste um Chearta

---

[2] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis nó chonarthacha nó eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0235.

an Duine i bParlaimint na hEorpa;

23. á iarraidh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo suíochán buan agus dílis don Aontas i ngach fóram iltaobhach, lena n-áirítear i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena ndéanfaí ról an Aontais mar ghníomhaí, a chomhleanúnachas agus a inchreidteacht a neartú ar fud an domhain;

24. á iarraidh ar an gComhairle meitheal ad hoc ar leith a thionól chun machnamh a dhéanamh ar athruithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na Conarthaí, d’fhonn coinbhinsiún a thionól a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe ó na parlaimintí náisiúnta, ó Cheannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 30.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 47<br>–: 9<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Matjaž Nemec, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Loucas Fourlas, Christophe Grudler, Georgios Kyrtsos, Katrin Langensiepen, Alessandra Moretti, Juozas Olekas, Paulo Rangel, Tom Vandenkendelaere, Mick Wallace |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly, Margarita de la Pisa Carrión, Nicolaus Fest, Gilles Lebreton, Costas Mavrides, Luisa Regimenti |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

**Tograí ó Pharlaimint na hEorpa chun na Conarthaí a leasú** (2022/2051(INL))

| 47 | + |
|---|---|
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Loucas Fourlas, Sunčana Glavak, Andrius Kubilius, David Lega, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Luisa Regimenti, Radosław Sikorski, Tom Vandenkendelaere, Isabel Wiseler-Lima |
| RENEW | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans |
| S&D | Attila Ara-Kovács, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Pedro Marques, Costas Mavrides, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Juozas Olekas, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder |
| VERTS/ALE | Reinhard Bütikofer, Katrin Langensiepen, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Jacek Saryusz-Wolski, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Susanna Ceccardi, Nicolaus Fest, Gilles Lebreton |
| THE LEFT | Clare Daly, Giorgos Georgiou, Mick Wallace |

| 2 | 0 |
|---|---|
| PPE | Miriam Lexmann, Paulo Rangel |